Tá POOLS-3 á mhaoiniú le cabhair ó Choimisiún na hEorpa. Léiríonn an foilseachan seo tuairimí an údair amháin, níl an Coimisiún freagrach as aon úsáid a bhainfear as an eolas atá istigh ann.













Tá an bealach leagtha amach le haghaidh tuilleadh comhoibrithe agus comhroinnt torthaí

Is é atá i pools-3 ná tionscadal AN (Aistriú Nuálaíochta) atá á mhaoiniú ag Leonardo. Tá sé bunaithe ar an bhuntionscadal POOLS (2005 -2007). Bronnadh bonn airgid Leonardo da Vinci le haghaidh nuálaíochta agus cruthaitheachta ar POOLS i 2009.

Is iad seo a leanas torthaí POOLS:
-leabharlann digiteach le físeáin do naoi dteanga. Tá trascríbhinn ar fáil do gach físeán agus tá siad grádaithe ar mhaithe le mic léinn de réir Fhráma Tagartha Comónta na hEorpa do Theangacha.
-cúrsa oiliúna do mhúinteoirí ar fhorbairt áiseanna don fhoghlaim ríomhchuidithe
-leabhar cúrsa agus físeáin DFÉ a léiríonn an dóigh le háiseanna ar-líne a fhorbairt.

Is é an aidhm atá le pools-3 ná torthaí POOLS a chur in oiriúint agus a aistriú le gur féidir iad a úsáid le Catalóinis, Seicis agus Gaeilge. Forbróidh pools-3 tacair taifeadtaí agus áiseanna, agus déanfaidh sé píolótú ar chúrsaí oiliúna do mhúinteoirí ar fhorbairt áiseanna ríomhfhoghlama agus oideolaíocht.

Lig do láithreán idirlín pools-3 feidhmiú mar thairseach agus nascadh chuig na torthaí s'agat féin. Tá rochtain ón láithreán idirlín ar áiseanna teagaisc agus lámhleabhair do mhúinteoirí agus ó tharla gur áiseanna Copyleft iad tá cead agat iad a úsáid sna tionscadail s'agat féin.





**Aidhmeanna an tionscadail**: Is é is aidhm leis an tionscadal leas a bhaint as CALL (Foghlaim Ríomhchuidithe Teanga) agus í a chur chun cinn sa Chatalóinis, sa tSeicis agus sa Ghaeilge.

**Réasúnaíocht**: Tá sraith tuarascálacha tar éis easpa úsáidte CALL i dteangacha an tionscadail a thabhairt faoi deara m.sh. an tuarascáil a choimisiúnaigh an AE The Impact of Information and Communications Technologies on the Teaching of Foreign Languages and on the Role of Teachers of Foreign Languages (2002) a deir "The use and deployment of ICT in FLT and FLL is far from satisfactory, as ICT resources are traditionally reserved for (computer) science subjects" (p.5). Is amhlaidh go gcuireann easpa traenála do mhúinteoirí in úsáid fhiúntach TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) leis an fhadhb seo.

**Cad a dhéanfaimid?**: Féachfaidh an tionscadal leis an bhearna seo a líonadh trí thorthaí POOLS a aistriú chun na Catalóinise, na Seicise agus na Gaeilge, rud a chruthóidh stór d'áiseanna ar-líne a chuideoidh le múinteoirí teangacha neamhfhorleathana ábhar teagaisc a chruthú a bhaineann leas as an ríomhfhoghlaim agus a éascóidh úsáid TFC sna ceachtanna s'acu.

Aistreoidh an AN torthaí POOLS trí na croíábhair (an leabhar cúrsa, treoirleabhair an chúrsa agus na físeáin DFÉ) a chur in oiriúint agus a aistriú. Chomh maith leis sin cruthófar físeáin digiteacha a chuideoidh le háiseanna CALL a forbairt sna trí theanga nua, agus reáchtálfar sraith cúrsaí traenála do mhúinteoirí ar CALL.

**Cé muid?**: Tugann an cuibhreannas le chéile coláistí gairmoideachais, ollscoileanna agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le teagasc teangacha ón Chatalóin, ó Phoblacht na Seice, ó Thuaisceart Éireann ó Albain agus ón Danmharg. Bhí an comhpháirtí Albanach mar chomhordaitheoir ar an bhuntionscadal POOLS. Is aistriú tíreolaíoch agus teanga atá i gceist leis an aistriú nuálaíochta seo, rud a fhágfaidh go mbeidh úsáideoirí deiridh an tionscadail in ann ábhair a íoslódáil ó láithreán idirlín an tionscadail i dtrí theanga nua.

**Cur chuige**: Tá níos mó ná aistriúchan agus cur in oiriúint i gceist leis an aistriú nuálaíochta seo.

I ndiaidh dóibh croíábhair POOLS a chur in oiriúint cuirfear traenáil ar rannpháirtithe ó na foirne i dtaifeadadh digiteach, i modhanna eagarthóireachta, i gcruthú bogearraí agus i modheolaíochtaí CALL atá oiriúnach do FCÁT (Foghlaim Chomhtáite Ábhar agus Teanga) agus Foghlaim Thasc-bhunaithe. Ansin cruthóidh rannpháirtithe an chúrsa taifeadtaí le húsáid i bhfeidhmchláir ilmheáin le haghaidh teagasc na Catalóinise, na Seicise agus na Gaeilge. Nuair atá na taifeadtaí réidh reáchtálóidh na foirne cúrsaí den chineál chéanna ina dtíortha féin. Déanfaidh foirne ó bhunchomhpháirtíocht POOLS (An Ríocht Aontaithe agus An Danmharg) piarmheasúnú ar an chéad chúrsa a reáchtálfar sna tíortha nua. Déanfar leasuithe ar na cúrsaí de réir cibé moltaí a thagann ón phiarmheasúnú agus píolótú breise sa dara bliain den tionscadal i réigiúin eile de na tíortha nua lena chinnitiú go bhfuil leas á bhaint as torthaí an tionscadail go forleathan agus chun luach ar airgead a chinntiú. Déanfar measúnú ar gach cúrsa agus léireofar aon mholtaí nó aiseolas sa leagan deiridh den leabhar cúrsa agus sna hábhair a chruthófar faoi dheireadh na tréimhse maoinithe.

